SeanadVoter.ie
VótálaíSeanad.ie

# Ceisteanna Coitianta faoi Thoghlach Ardoideachais Sheanad Éireann

## Ceisteanna Ginearálta

**Céard é Seanad Éireann?**
Is é Seanad Éireann an teach uachtarach de Pharlaimint na hÉireann, an tOireachtas. Dáil Éireann a thugtar ar an teach íochtarach. Tá 60 comhalta ann, a dtugtar Seanadóirí orthu. Ainmníonn an Taoiseach 11 Seanadóir, toghtar 43 Seanadóir ag painéil a dhéanann ionadaíocht thar ceann leasanna gairme, agus toghann céimithe ó institiúidí ardoideachais ar leith 6 Sheanadóir. Faoi láthair, i dtoghcháin Seanaid, toghtar seisear Seanadóirí "Ollscoile" ag dhá thoghlach trí shuíochán: Ollscoil na hÉireann (OÉ) agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath/TCD). I gcás toghcháin Seanaid a reachtálfar tar éis an 1 Meitheamh 2025, áfach, toghfaidh an toghlach Ardoideachais nua an seisear Seanadóirí seo.

**Céard é an toghlach ardoideachais?**
Is toghlach nua do Sheanad Éireann an toghlach Ardoideachais. Beidh na toghthóirí sa toghlachseo in ann seisear Seanadóirí a thoghadh do Sheanad Éireann. Déanfar clár na dtoghthóirí don toghlach seo a uasdátú go bliantúil. Tá sé á bhainistiú ag an bPríomh-Údarás Clárúcháin (CRA) a bunaíodh faoi Acht Toghcháin an tSeanaid (Comhaltaí Ollscoile) (Leasú), 2024.

**Céard é VótalaíSeanad.ie?**
Is suíomh Gréasáin é VótálaíSeanad.ie a chuireann ar chumas a úsáideoirí iarratas a dhéanamh le bheith curtha le clár na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais. Tá sé á riaradh ag Ollscoil na hÉireann (OÉI), arb í an t-údarás clárúcháin lárnach í don toghlach Ardoideachais. Foireann SeanadVoter.ie a thugtar ar an bhfoireann in OÉ a chuireann feidhmeanna an údaráis chlárúcháin lárnaigh i gcrích.

**Cén uair a reachtálfar toghcháin Seanaid?**
Tarlaíonn toghcháin gach cúig bliana nó taobh istigh de 90 lá i ndiaidh do Dháil Éireann a bheith díscaoilte. Bhí toghcháin don 27ú Seanad ar siúl i mí Eanáir 2025.

**Cé mhéad Seanadóir a thoghfar ag an toghlach Ardoideachais?**
Toghfar seisear Seanadóirí ag an toghcheantar Ardoideachais.

**Cén uair a fhoilseofar an clár?**
Foilsíodh an chéad chlár don dáilcheantar Ardoideachais ar 1 Aibreán 2025. Ó 2026 ar aghaidh, foilseofar an clár ar 1 Meitheamh gach bliain.

**Cén t-eolas atá ar an gclár?**
Is doiciméad poiblí é an clár. Tá céad ainmneacha, sloinnte, seoltaí reatha, agus seoltaí páipéir bhallóide na vótálaithe cláraithe sa toghlach Ardoideachais san áireamh ar an gclár. Ní chuimsíonn sé uimhreacha PSP, sonraí cáilíochta, nó dátaí breithe.

**Táim ar Chlár na dToghthóirí do thoghlach Ardoideachais Sheanad Éireann. An gá dom athchlárú leis an gClár in 2027?**
Má bhfuair tú ríomhphost ó VótálaíSeanad.ie ag dearbhú gur cuireadh le Clár na dToghthóirí thú in 2025 nó 2026, ní gá duit iarratas eile a dhéanamh.

**Vótáil mé i dToghcháin Sheanad Éireann in Eanáir 2025. An gá dom clárú don toghlach nua?**
Beidh na toghcháin a reáchtálfar tar éis an 31 Bealtaine ar bhonn toghlach Ardoideachais nua agus cláir nua. Ní mór duit clárú don toghlach Ardoideachais nua más maith leat vótáil i dtoghcháin amach anseo. Ní chlárófar thú go huathoibríoch don toghlach Ardoideachais nua, fiú sa chás go raibh tú cláraithe ar Chláir OÉ nó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

## Clárú do Toghlach Ardoideachais Sheanad Éireann

**Conas a chláraím do thoghlach nua Ardoideachais Sheanad Éireann?**
Is é an bealach is éasca chun clárú ná ar líne ag www.VótálaíSeanad.ie.

Feadfaidh tú cóip chrua den fhoirm iarratais a íoslódail ón suíomh seo agus í a sheoladh isteach le do dhoiciméid tacaíochta tríd an bpost chuig:
VótálaíSeanad.ie, Bosca PO 13784, Baile Átha Cliath 2, Éire.

Is é an 26 Feabhra spriocdháta na n-iarratas do chlár.

**An bhfuil mé i dteideal clárú?**
Tá tú i dteideal clárú:

- Más saoránach Éireannach thú
  **AGUS**
- Má tá tú 18 mbliana d'aois nó níos sine
  **AGUS**
- Má tá céim agat (ní ghlacfar le céim oinigh) ó institiúid ainmnithe.

**Cén cháilíochtaí a rangaítear mar chéim iad?**
Chun clárú, ní mór duit céim bhaitsiléara, céim mháistreachta nó dochtúireachta a bheith agat ó institiúid ainmnithe. Ní féidir le teastais, dioplómaí, ard-dioplómaí, agus céimeanna oinigh an riachtanas seo a chomhlíonadh.

**Céard iad na hinstitiúidí ainmnithe?**
Chun a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh, ba chóir go mbeadh céim faighte agat ó institiúid ainmnithe. Is iad na “hinstitiúidí ainmnithe” ná Ollscoil na hÉireann, Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide), agus institiúidí atá ainmnithe faoi Acht an Údaras um Ardoideachais 2022.

Titeann institiúidí díscaoilte agus a bhfuil a bhfeidhmneanna aistrithe chuig institiúid ainmnithe faoin sainmhíniú seo.

Tá bealach ann de réir Acht an Údarás um Ardoideachais 2022 a cheadóidh d'institiúidí a bheith curtha san áireamh amach anseo faoi réir teagmháil a dhéanamh leis an Údarás um Ardoideachas. Ní thiteann seo faoi chúraimí VótálaíSeanad.ie.

**An ngearrfar táille ort as clárú?**
Ní ghearrfar, tá clárú saor in aisce.

**Cad é an spriocdháta clárúcháin?**
Is é an 26 Feabhra spriocdháta na n-iarratas do chlár.

**Cén t-eolas pearsanta a fhoilseofar ar chlár na dtoghthóirí?**
Foilseofar na sonraí seo a leanas i gcás gach duine ar an gclár:

- Céadainm
- Sloinne
- Seoladh Reatha (Eircód/Cód poist san áireamh)
- Seoladh le haghaidh páipéar ballóide (Eircód/Cód poist san áireamh)

**Ní theastaíonn uaim go mbeidh mo shonraí pearsanta le feiceáil ar an gclár. An féidir liom iarratas a dhéanamh mar thoghthóir anaithnid?**
Ar an drochuair ní féidir clárú mar thoghthóir anaithnid don toghlach Ardoideachais de bharr nach bhfuil foráil chuige seo faoin reachtaíocht reatha.

## Próiseas Iarratais

**Cén fáth go n-iarrtar orm m'uimhir PSP a thabhairt ar an bhfoirm iarratais?**
Trí d'uimhir PSP (UPSP) a sholáthar, beifear in ann seiceáil bhunúsach a dhéanamh chun cabhrú le do shonraí aitheantais a dhearbhú agus chun iontaofacht an chláir a chosaint. Ní bheidh uimhreacha PSP le feiceáil ar an gclár.

**Céard iad na doiciméid a chaithfidh mé a uaslódáil le m'iarratas?**
Ní mór duit fianaise saoránachta a uaslódáil, i bhfoirm ghrianghraf nó i gcóip scanta de do phas bailí Éireannach nó Deimhniú Eadóirseachta. Mura soláthraíonn tú d'uimhir PSP, ní mór duit grianghraf nó cóip scanta d'fhoirm Fhinnéithe chomhlánaithe a thabhairt.

**Céard is féidir liom a dhéanamh murar féidir liom m'uimhir PSP a sholáthar i m'iarratas?**
Mura mian leat nó mura féidir leat d'uimhir PSP a sholáthar, ní mór duit foirm Fhinnéithe a chur isteach le d'iarratas. Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú agus a shíniú i láthair Garda, Nótaire/Nótaire Poiblí, nó liachleachtóir cláraithe. Tá an fhoirm seo ar fáil ag SeanadVoter.ie. Nuair a bheidh sé críochnaithe agat, féadfaidh tú grianghraf nó cóip scanta a chur san áireamh le d'iarratas ar líne.

**Diúltaíodh do m'iarratas, ach comhlíonaim na riachtanais incháilitheachta go léir. Céard a tharla?**
Seiceáil le do thoil sonraí d'iarratais agus na doiciméid a chuir tú isteach chugainn. Cinntigh go bhfuil an t-eolas ar fad ceart agus suas chun dáta. D'fhéadfadh formáidiú agus ábhar réimsí ar nós dáta breithe nó uimhir PSP a bheith san áireamh anseo.

**Céard is féidir liom a dhéanamh mura bhfuil mé in ann pas Éireannach bailí a chur ar fáil mar chuid de m'iarratas?**
Sa chás nach bhfuil tú in ann pas Éireannach bailí nó teastas eadóirsithe a chur ar fáil mar chuid de d'iarratas, téigh i dteagmháil le applications@SeanadVoter.ie.

**An féidir liom mo cheadúnas tiomána a uaslódáil mar chuid de m'iarratas?**
Ná uaslódáil do cheadúnas tiomána mar chuid de d'iarratas mar níl muid in ann glacadh leis mar chruthúnas saoránachta.
Mura bhfuil tú in ann pas Éireannach bailí nó teastas eadóirsithe a chur ar fáil mar chuid de d'iarratas, téigh i dteagmháil le applications@SeanadVoter.ie.

**Níor ghlac an fhoirm iarratais le mo sheoladh ríomhphoist. Céard a tharla?**
Cinntigh nár chuir tú spás dúbailte, lánstad nó aon charactar eile ag deireadh do sheoladh ríomhphoist. D'fheadfadh seo a bheithina fhadhb, go háirithe má tá coipeáil agus greamú ar do sheoladh ríomhphoist déanta agat.

## Vótáil sa Toghlach Ardoideachais

**Cé a bheidh in ann vótáil sa toghcheantar Ardoideachais?**
Beidh vótálaithe cláraithe, atá ar chlár foilsithe na dtoghthóirí don toghlach Ardoideachais, in ann vótáil sa toghlach seo.

**Conas a tharlóidh an vótáil sa toghcheantar Ardoideachais?**
Má tá tú ar an gclár, gheobhaidh tú ábhair vótála tríd an bpost. Seolfar iad seo chuig an seoladh le haghaidh páipéir bhallóide a chuir tú ar fáil i d'iarratas cláraithe. I measc na n-ábhar seo beidh:

- Páipéar ballóide
- Clúdach litreach le haghaidh do phaipéir bhallóide críochnaithe
- Clúdach litreach chun do vóta a chur chuig an gCeann Comhairimh

**An féidir liom vótáil má tá cónaí orm taobh amuigh d'Éirinn?**
Is féidir, is féidir leat vótáil tríd an bpost ó thar lear. Seolfar d'ábhair vótála trí phost, mar sin cinntigh le do thoil go bhfuil do sheoladh le haghaidh do pháipéir bhallóide suas chun dáta.

**Cén uair a gheobhaidh mé mo phaipéar ballóide?**
Má tá tú ar an gclár nuair a fógraítear toghchán, gheoibhaidh tú d'ábhair vótála tríd an bpost.

## Iarratasóirí a Cláraíodh roimhe seo le Vótáil i dToghlaigh Ollscoile

**Cláraíodh mé do thoghlach Sheanad Éireann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. An gá dom clárú don toghlach Ardoideachais nua?**
Reáchtáladh na toghcháin Sheanad Éireann in Eanáir 2025 agus bainedh úsáid as Clár na dToghthóirí Ollscoil na hÉireann (OÉ) agus Clár Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD) a foilsíodh i mí an Mheithimh 2024.
Beidh na toghcháin a reáchtálfar tar éis an 31 Bealtaine 2025 ar bhonn toghlach Ardoideachais nua agus cláir nua. Ní mór duit clárú don toghlach Ardoideachais Sheanad Éireann nua más mian leat vótáil i dtoghcháin amach anseo.

**Cláraíodh mé do thoghlach Sheanad Éireann Ollscoil na hÉireann. An gá dom clárú don toghcheantar Ardoideachais nua?**
Reáchtáladh toghcháin Sheanad Éireann in Eanáir 2025 agus baineadh úsáid as Clár na dtoghthóirí Ollscoil na hÉireann (OÉ) agus Clár Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a foilsíodh i mí an Mheithimh 2024.
Beidh na toghcháin a reachtálfar tar éis an 31 Bealtaine 2025 ar bhonn toghlach Ardoideachais nua agus cláir nua. Ní mór duit clárú don toghlach Ardoideachais Sheanad Éireann nua más mian leat vótáil i dtoghcháin amach anseo.

**Cad a tharlóidh má bhíonn corrthoghchán sa 27ú Seanad?**
Is éard atá i gceist le corrthoghchan ná toghchán a chuirtear ar bun nuair thagann folúntas i gcomhaltas Sheanad Éireann aníos mar gheall ar bhás, éirí as oifig, scor nó dícháiliú comhalta. Reachtálfar corrthoghchán chun an suíochán folamh a líonadh. Dá mbeadh ball den 27ú Seanad, a thoghadh i dtoghlach Ollscoil na hÉireann nó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i mí Eanáir 2025, chun a shuíochán a fhágáil, reachtálfaí corrthoghchán sa toghlach Ardoideachais. Bheadh céimithe OÉ nó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a dhearbhaigh gur mian leo a bheith san áireamh i gcorrthoghcháin ina n-iarratas cláraithe, i dteideal vótáil sa chorrthoghchán seo.

**Céard í uimhir thagartha OÉ? An féidir liom an uimhir seo a úsáid chun clárú?**
Seoladh amach uimhreacha tagartha OÉ in mí na Nollag 2024 i litir chuig na toghthóirí uilig ar Chlár na dToghthóirí. D'fhéadfaí an uimhir seo a úsáid go dtí an 23 Eanáir 2025 chun clárú don toghlach Ardoideachais. Ní raibh an féidearthacht chun uimhir thagartha a úsáid ann ach le haghaidh iarratas do chlár 2025.

**Céard í uimhir Alumas TCD? An féidir liom an uimhir seo a úsáid chun clárú?**
Seoladh amach uimhreacha Alumnas TCD in mí na Nollag 2024 i litir chuig na toghthóirí uilig ar Chlár na dToghthóirí. D'fhéadfaí an uimhir seo a úsáid go dtí an 23 Eanáir 2025 chun clárú don toghlach Ardoideachais. Ní raibh an féidearthacht chun uimhir Alumnas TCD a úsáid ann ach le haghaidh iarratas do chlár 2025.

## Toghthóirí Cláraithe an Toghlaigh Ardoideachais

**An féidir liom mo shonraí clárúcháin a uasdátú?**
Mura bhfuil tú tar éis d'iarratas a dhéanamh chun a bheith curtha le clár, bain úsáid as do shonraí pearsanta is déanaí agus is cirte i d'iarratas le do thoil.
Má cuireadh le clár 2025 nó 2026 thú, is féidir leat do shonraí a uasdátú trí Fhoirm Éilimh ar Leasú Sonraí a chomhlánú.
Is féidir cóip den fhoirm seo a íoslódáil agus í a chur isteach trí ríomhphost a sheoladh chuig applications@SeanadVoter.ie, nó í a sheoladh tríd an bpost chuig VótálaíSeanad.ie, BOSCA P.O. 13784, Baile Átha Cliath 2, Éire.
Agus tú ag dul i dteagmháil le VótálaíSeanad.ie, luaigh an Uimhir Iarratais a fuair tú nuair a chuir tú d'iarratas clárúcháin isteach (más eol duit í).

**An féidir liom m'ainm a bhaint den chlár?**
Is féidir, iní gá ach a iarraidh go mbainfí d'ainm den chlár trí iarratas scríofa a chur isteach trí ríomhphost chuig applications@SeanadVoter.ie, nó tríd an bpost chuig SeanadVoter.ie ag BOSCA P.O. 13784, Baile Átha Cliath.

**An féidir liom breathnú ar Chlár na dToghthóirí?**
Beidh cóip den chlár ar fáil lena scrúdú in oifigí Ollscoil na hÉireann. Tá táille fhorordaithe (€100) ann chun cóip den chlár a cheannach. Ní féidir an t-eolas atá sa chlár a úsáid ach amháin i dtaobh cúrsaí toghcháin nó cúrsaí reachtúla eile. Téigh i dteagmháil le applications@SeanadVoter.ie chun eolas a fháil maidir leis an gclár a fheiceáil nó a cheannach.

**An féidir liom agóid a dhéanamh i gcoinne duine éigin ar an gclár?**
Is féidir le duine atá ar an gclár cheana nó oifigeach clárúcháin in ollscoil ainmnithe agóid a dhéanamh. D'fhéadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne iontráil duine ar an gclár ó Liosta na dToghthóirí nó Liosta na nÉileamh. Tá foirm agóide ar fáil ar VótálaíSeanad.ie, caithfear í a úsáid chun agóid a dhéanamh.

**Céard é Liosta na dToghthóirí?**
Cuireadh Liosta na dToghthóirí ar fáil ar an 29 Eanáir. Áirítear leis: clár na dtoghthóirí reatha, daoine a chuir isteach ar an gclár agus an chuma ar an scéal go bhfuiltear incháilithe a bheith curtha leis an gclár ar an 1 Meitheamh, agus daoine eile agus an chuma ar an scéal nach bhfuiltear incháilithe.

**Céard é Liosta na nÉileamh?**
Cuirtear Liosta na nÉileamh ar fáil ar an 12 Márta. Áirítear leis gach duine a chuir éileamh comhlánaithe isteach, ar an 26 Feabhra nó roimhe, agus nach raibh san áireamh ar Liosta na dToghthóirí a foilsíodh i mí Eanáir.

**Céard é Liosta na nAgóidí?**
Áirítear le Liosta na nAgóidí gach duine a raibh a n-éileamh a bheith curtha san áireamh ar an gclár ina ábhar agóide.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn má tá ceist agat.
Bheadh áthas orainn cúnamh a thabhairt duit.

applications@SeanadVoter.ie
+353 (1) 439 2424
VótálaíSeanad.ie, BOSCA P.O. 13784, Baile Átha Cliath 2, Éire